

Comhdháil Bhliantúil 2010

An Gaeloideachas - Croílár na
Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge



Gaelscoileanna 

www.gaelscoileanna.ie

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainispéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chíbear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga



gaeilge.ie

your link to the language

CLÁR

- | | |
|----|---|
| 02 | Fáilte an Ardfheidhmeannaigh |
| 05 | Clár na Comhdhála |
| 08 | Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge |
| 11 | Rialacha Seasta |
| 12 | Ainmniúcháin na n-Oifigeach |
| 14 | Ainmniúcháin na nGnáth-Stiúrthóirí |
| 17 | Rúin Chomhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. 2010 |
| 20 | Na Scoileanna Áitiúla |
| 21 | Tuairisc ar Rúin 2009 & ar Obair na hEagraíochta |
| 35 | Tuairisc an Rúnaí 2010 |
| 36 | Dréacht-Mhiontuairiscí ón gCruinniú Cinn Bhliana 2009 |
| 39 | Ráiteas Airgeadais 2009 |
| 51 | Liosta na seastán |



FÁILTE

AN ARDFHEIDHMEANNAIGH

A Chairde dhil,

Cuirim fáilte ó chroí romhaibh chuig Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2010 anseo sa Tulach Mhór. Is mór an phribhléid é don fhoireann agus don Bhord Stiúrtha a bheith anseo i measc - Príomhoidí, Múinteoirí, Tuismitheoirí, Baill de Choistí na dTuismitheoirí, Baill de na Boird Bainistíochta, agus ionadaithe na n-Eagras Gaeilge agus Oideachais, agus ar ndóigh i gcomhlúadar na bpáistí ó na scoileanna máguaird.

Tá clár leathan agus cuimsitheach á chur ar fáil arís i mbliana a chuirfidh le hoiliúint ghairmiúil na scoileanna lán-Ghaeilge, ach chomh tábhachtach céanna, is breá linn a bheith in ann ceiliúradh a dhéanamh ar ardchaighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge. Táimid ag súil le deiseanna plé a chur ar fáil ar shaincheisteanna móra agus le héisteacht le saineolas ó na scoileanna agus na haíonna chun an chomhroinnt dea-chleachtais idir scoileanna a éascú.

Roghnaíomar *An Gaeloideachas – croílár na Straitéise fiche bliain don Ghaeilge* mar mhana na Comhdhála i mbliana agus is tráthúil go bhfuil an Chomhdháil seo ag tarlú agus an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge ar tí a bheith foilsithe. Aithnítear tríd an Straitéis gurb é réimse an ghaeloideachais croílár fhorbairt agus thodhchaí na straitéise don Ghaeilge. Tugann an t-aitheantas seo agus na gealltanais atá leagtha amach sa Straitéis chun leasa earnáil an ghaeloideachais ról lárnach do lucht riartha an oideachais, d'eagrais tacaíochta ar nós GAELSCOILEANNA TEO. agus do chleachtóirí sna scoileanna i múnú na todhchaí. Tá an-áthas orm go mbeidh an tAire Carey inár measc d'fháiltiú na Comhdhála chun labhairt linn faoin tábhacht a fheiceann sé féin agus an Rialtas leis an earnáil ghaeloideachais.

Táimid i lár tréimhse an-dúshlánach i ngeilleagar na tíre agus in earnáil an ghaeloideachais trí chéile. Beidh impleachtaí an-mhór ann don earnáil leis na mór-athraithe atá ag tarlú thart timpeall orainn, ar a n-áirítear na critéir nua atá á bhfoilsíú maidir leis an bpróiseas aitheantais do ghaeloscoileanna nua; an t-athbhreithniú atá beartaithe maidir leis an bpróiseas aitheantais d'iar-

bhunscoileanna nua gan trácht ar an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla agus le fada an lá.

Is cinnte gur ábhar mór frustrachais atá ann do na coistí bunaithe uile atá ag feidhmiú ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, agus gabhaimid buíochas mór leo as gan radharc a chailliúint ar an sprioc in ainneoin na gconstaicí. Ar an ábhar sin, déanaimid comhghairdeas mór ó chroí le Coiste Bunaithe Ráth Tó a d'éirigh leo Gaelscoil Ráth Tó a oscailt in ainneoin easpa aitheantais na Roinne. Táimid an-dóchasach go mbronnfar an t-aitheantas cuí orthu don scoilbhliain 2011 chun go mbeidh ar a gcumas freastal ar an éileamh mór atá ann. Cuirimid fáilte ar leith faoi Phríomhoide na scoile nua, Tricia Ní Mhaolagáin agus leanfaimid orainn ag tabhairt gach tacaíochta di chun leasa todhchaí na scoile.

Is cinnte go mbeidh bliain dhúshlánach romhainn mar eagraíocht, mar earnáil agus mar ghníomhairí ar son an ghaeloideachais in Éirinn, go háirithe leis an athstruchtúrú agus an cuíchóiriú atá beartaithe san earnáil. Creidimid go n-éireoidh le GAELSCOILEANNA TEO. leanúint uirthi ag cur seirbhísí tacaíochta riachtanacha ar fáil agus ag déanamh stocaireachta ar an Rialtas chun a chinntiú go ndéanfaí an earnáil a láidir. Tá tuairisc ar obair na heagraíochta leagtha amach ar leathanach 21, agus fáiltim riamh roimh aon cheisteanna ná moltaí maidir lenár gclár oibre.

Is iomaí cúis ceiliúrtha a bhíonn ag na scoileanna lán-Ghaeilge agus leagtar amach ar leathanach 8 gailearaí na scoileanna atá i mbun ceiliúrtha. Guímid gach rath orthu agus ar gach scoil a bhfuil ceiliúradh déanta acu le déanaí nó a bhfuil ceann beartaithe acu.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus ár mbuíochas ar leith le Gaelscoil Eiscir Riada agus le Gaelscoil Éadan Doire atá ag cabhrú linn chun a chinntiú go gcuirfear siamsaíocht, ealaíon agus ceol álainn na bpáistí ar fáil dúinn.

Tá súil againn go gcuirfear neart ábhair macnaimh agus deiseanna gréasánaithe ar fáil daoibh tríd an Chomhdháil seo. Ba mhaith liom an deis a thapú freisin buíochas a ghabháil le hÉamonn Murtagh,

Príomhchigire Cúnta as a bheith linn arís thar ceann na Roinne. Tá an-tacaíocht léirithe ag Éamonn le tamall ar cheist an luath-thumoideachais agus is ball é freisin den bhfochoiste nua ar chomhoibriú thuaidh theas maidir le forbairt earnáil an ghaeloideachais. Ceann de na tograí a d'eascair ón gcomhoibriú seo ná an chuairt ó 10 múinteoir ó ghaelscoileanna ó thuaidh ar roinnt d'ár scoileanna ar an 18 Samhain chun saineolas agus malartú dea-chleachtais a éascú. Cuirimid fáilte ar leith

roimh na múinteoirí seo atá linn don Chomhdháil agus beimid ag súil le comhoibriú leanúnach leo sa toadhcháil.

Bainigí tairbhe as na himeachtaí agus taitneamh as bheith ar ais i gcomhluadar a chéile do Chomhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2010.

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach



Foireann GAELSCOILEANNA TEO.: Áine Ní Neachtain, Bláthnaid ní Ghréacháin, Clare Walsh, Nóra Ní Loingsigh, Clare Spáinneach



Bord Stiúrtha (clé go deas): Mait Ó Bradaigh, Clodagh Ní Mhaolchiaráin, Deirdre Nic Gabhann, Seán Mag Oireachtaigh, Póla Ní Chinnsealaigh, Fiona Uí Uiginn, Cathal Ó Luain, Dealgan Ó Ciarubháin, Dr. Micheál Ó Duibh, Cathnia Ó Muirheartaigh, Seán Ó Nuanáin, Conall Ó Cruadhlaoidh. Chun tosaigh: Sinéad Ní Nualláin, Micheál Ó Broin, Máirín Ní Chéileachair, Yvonne Ní Mhurchú. (In easnamh: Hazel Ní Phiogóid, Alison Carruth).

Scléip

2011

Is libhse an stáitse...

Spriocdháta
d'fhoirmeacha iarratais
17 Nollaig 2010

Gaelscoileanna 

Le hurraíocht agus le tacaíocht ó



CLÁR

NA COMHDHÁLA

AOINE 19 Samhain

09.00 - 09.30

♦ CLÁRÚ

09.30 - 10.00

♦ OSCAILT AGUS FÁILTÍÚ

Oscailt agus Fáiltiú ón scoil áitiúil, ó Uachtarán GAELSCOILEANNA TEO.
& ó **Éamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta, An Roinn Oideachais agus**

DE Williams 3

Seisiún 1 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

10.00 - 11.30

♦ PAINÉAL DÍOSPÓIREACHTA

Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus pobal iomlán na scoileanna –
Seisiún ceisteanna & freagraí le haíonna bunaithe ar théama na Comhdhála -
An Gaeloideachas - croílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
Cathaoirleach: Gormlaith Ní Thuairisc, Raidió na Gaeltachta

DE Williams 3

11.30 - 12.00

Tae / caifé / seastáin

DE Williams 1
& An Fáiltiú

Seisiún 2 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

12.00 - 13.30

♦ CEARDLANNA

Iar-bhunscoileanna – MSU – taithí scoile ar an gcóras agus cúinsí nua dá bharr,
Fiona Uí Uiginn, Coláiste Íosagáin

Goodbody 1 & 2

Bunscoileanna – 'Féasta Focal' – úsáid phraiticiúil an phacáiste a léiríonn an 300
focal is minice a úsáidtear sa Ghaeilge, **Seán Mac Ní, CCEA**

Goodbody 3 & 4

Bunscoileanna – Foghlaim agus múineadh theanga agus litearthacht na Gaeilge
agus an Bhéarla sa ghaelscoil, **Seán Mac Corraidh, CASS**

Manly Suite

Bunscoileanna – Cruinneas Gaeilge labhartha na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge
agus an fheasacht teanga, **Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig agus Aisling Ní
Dhiorbháin, Scoil Naithí**

B Daly Suite

13.30 - 14.30

Lón

Bialann Windmill

AOINE 19 Samhain

Seisiún 3 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

♦ CEARDLANNA

14.30 - 15.45

Iar-bhunscoileanna – Straitéisí le haghaidh foghlaim ghníomhach, *Sinéad Ní Ghuidhir, Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

Goodbody 1 & 2

Bunscoileanna – Cluichí clóis – sealbhú agus úsáid na teanga, *Conchubhair Ó Laoire & T. J. Ó Ceallaigh, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí*

Manly Suite

Bunscoileanna – Múinteoirí nua-oillte agus córas meantóireachta dóibh, *Mary Burke, Coláiste Phádraig*

B Daly Suite

Bunscoileanna – Úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga, *Íde Ruaidh, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí*

Goodbody 3 & 4

15.45 - 16.15

Tae / caifé / seastáin

DE Williams 1
& An Fáiltiú

Seisiún 4 - Grúpaí sainspéise

♦ CEARDLANNA

16.15 - 17.30

Iar-bhunscoileanna – Córas smachta dearfach, An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta

Manly Suite 1

Na hAonaid Iar-bhunscoile – Teacht le chéile Múinteoirí i bhFeighil na nAonad

Manly Suite 2

Bunscoileanna (dírithe ar phríomhoidí) – Topaicí te! Eolas & plé maidir leis na hathruithe atá ag teacht i bhfeidhm sa chóras, mar shampla athruithe san MSU, sa Diplóma srl. (fáilte ar leith roimh phríomhoidí nua)

B Daly Suite

Bunscoileanna – múinteoirí acmhainne / tacaíochta foghlama - comhroinnt eolais agus áiseanna

Goodbody 1

Bunscoileanna – múinteoirí nua-cháilithe i ngaelscoileanna, *Mary Burke, Coláiste Phádraig*

Goodbody 2

Bunscoileanna – Séideán Sí Rang a 6, *Máire Uí Dhufaigh, comhordaitheoir an chlár*

Goodbody 3 & 4

Fáiltiú na Comhdhála

19.00 - 20.00

♦ EOCHAIRÓRÁID

Léargas ar ról an Ghaeloideachais sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Aoíchainteoirí: *Mícheál Ó Muircheartaigh*
An tAire Pat Carey

Goodbody Suite

♦ SEOLADH

Seoladh na hacmhainne, 'Spreagadh na Gaeilge le Spraoi', *T. J. Ó Ceallaigh & COGG*

20.15

♦ DINNÉAR NA COMHDHÁLA

le cur i láthair ó dhuine de bhuaiteoirí Scléip, *Peadar Ó Goill, Gairmscoil Éinne*

DE Williams 2 & 3

♦ CÉILÍ NA COMHDHÁLA

SATHARN 20 Samhain

09.30 - 10.00

♦ CLÁRÚ

Seisiún 1 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

10.00 - 11.15

♦ CEARDLANN

Iar-bhunscoileanna agus Bunscoileanna – Tiomsú airgid agus margaíocht scoile,
An Dr. Emer Ní Bhrádaigh, Léachtóir le Fiontar, DCU

DE Williams 2

11.15 - 11.45

Tae / caifé / seastáin

DE Williams 1
& An Fáiltiú

Seisiún 2 - Cruinniú Cinn Bhliana GAELSCOILEANNA TEO.

11.45 - 12.00

- Miontuairiscí CCB 2009 agus nithe astu
- Tuairisc an Rúnaí 2010
- Ráiteas airgeadais 2009
- Tuairisc na heagraíochta 2010 & tuairisc ar dhul chun cinn na rún 2009

DE Williams 2

12.00 - 13.30

- Na toghcháin
- Rúin 2010
- Críoch oifigiúil & crannchur

13.30

Lón

Bialann Windmill

14.30 - 15.30

Cruinniú an Bhoird Stiúrtha nua

CEILIÚRADH

NA SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE 2010

COLÁISTE AILIGH
10 mBLIANA D'AOIS



Grúpa Ceoil Choláiste Ailigh ina raibh daltaí, iar-dhaltaí agus múinteoirí páirteach agus iad ag taifeadh dlúthdhiosca ceiliúrtha “Glór Ailigh” ar ócáid cheiliúrtha 10 mbliana an Choláiste.

GAELCHOLÁISTE CHEATHARLACH
20 BLIAIN AG FÁS



Scoláirí agus foireann na scoile le chéile.

SCOIL NA gCEITHRE MÁISTRÍ
20 BLIAIN AG FÁS



Grianghraf de na Naíonáin Bheaga 2010 i
Scoil na gCeithre Máistrí, Áth Luain.

Comhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. 2010

COLÁISTE LAUREL HILL FCJ 75 BLIAIN AR AN bhFÓD



Cór Choláiste Laurel Hill FCJ, Luimneach, a bhuaigh an chéad áit ag an *Cork International Choral Festival*.

GAELSCOIL ÉANNA 30 BLIAIN D'AOIS I mBLIANA



An Príomhoide, Eibhlín Uí Chearnaigh, tar éis duaiseanna a thabhairt amach ag deireadh na bliana.

SCOIL CHAITLÍN MAUDE 25 BLIAIN AR AN bhFÓD



Tá muintir Scoil Chaitlín Maude ag ceiliúradh an cheathrú céad i mbliana! Eolas ar fáil ar an suíomh nua, www.scoilcm.ie go luath.

GAELSCOIL THOMÁIS DÁIBHÍS CEILIÚRADH 25 BLIAIN



Máire Uí Bhriain (Cathaoirleach), Seán Ó Loinsigh, Canónach Ó Cathasaigh (S.P. Magh Ealla), Seán Ó Grifín (leas-Ard-Mhéara), Sophie Bunce agus Gráinne Ní Shíocháin (Naíonáin Shóisir) ag ceiliúradh 25 bliain na scoile.

COLÁISTE FEIRSTE 40 BLIAIN AR AN bhFÓD



Aois na scoile á marcáil go sonrach ag triúr daltaí ag an mór-ócáid a eagraíodh ar an 22 Aibreán 2010.

GAELSCOIL NA DÚGLAISE CEILIÚRADH 25 BLIAIN



Seo grianghraf d'fhoireann iomána Ghaelscoil na Dúglaise (Séaghan O Donnagáin agus Dónal O Mathúna) a bhuaigh 'Sciath na Scoile' i Meitheamh

GAELSCOIL BHRÍDE 20 BLIAIN AG FÁS



Fáiltíonn Gaelscoil Bhríde roimh Liam mac Cárthaigh don tríú uair ó bunaíodh an scoil in 1990.

GAELSCOIL CHARRAIG UÍ LEIGHIN CEILIÚRADH 25 BLIAIN



Gaelscoil Charraig Uí Leighin a d'fhás ó 14 daltaí i 1985 go 470 daltaí i 2010.

GAELSCOIL PHILIB BARÚN CEILIÚRADH 25 BLIAIN



Brat Glas á ardú ag an scoil.

RIALACHA SEASTA

1. RÚIN:

- 1.1 5 nóiméad ag an moltóir.
3 nóiméad ag gach duine eile.
- 1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní chuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.
- 1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

2. IS FÉIDIR NA RIALACHA SEASTA A CHUR AR LEATAOBH CHUN RÚN NACH BHFUIL AR AN gCLÁR A PHLÉ, ACH:

- 2.1 Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.
- 2.2 Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

3. TOGHCHÁN DON BHORD STIÚRTHA

- 3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.
- 3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.
- 3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.

AINMNIÚCHÁIN

NA nOIFIGEACH 2010

LEAS-UACHTARÁN



Ainm
Cathnia Ó Muircheartaigh

Scoil lena mbaineann
Coláiste Pobail Osraí

Ainmnithe ag
**Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitríona
Gaelscoil Osraí
Gaelscoil Chnoc na Ré**

RÚNAÍ



Ainm
Yvonne Ní Mhurchú

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Longfoirt

Ainmnithe ag
**Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré**

LEAS-RÚNAÍ



Ainm
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Scoil lena mbaineann
Scoil Chaitríona

Ainmnithe ag
**Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré**

CISTEOIR



Ainm
Dealgan Ó Ciarubháin

Scoil lena mbaineann
Coláiste Pobail Osraí

Ainmnithe ag
**Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré**

OIFIGEACH CAIDRIMH PHOIBLÍ



Ainm
Máirín Ní Chéileachair

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Uí Fhiaich

Ainmnithe ag
Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitriona
Gaelscoil Chnoc na Ré

OIFIGEACH POLASÁÍ & PLEANÁLA



Ainm
Dr. Micheál Ó Duibh

Scoil lena mbaineann
Comhairle na Gaelscolaíochta

Ainmnithe ag
Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitriona
Gaelscoil Chnoc na Ré

AINMNIÚCHÁIN

NA nGNÁTHSTIÚRTHÓIRÍ 2010

GNÁTHSTIÚRTHÓIR



Ainm
Norma Ní Chonchúir

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Chill Dara

Ainmnithe ag
Gaelscoil Chill Dara

GNÁTHSTIÚRTHÓIR



Ainm
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Bhaile Brigín

Ainmnithe ag
Gaelscoil Bhaile Brigín
Gaelscoil Chnoc na Ré

GNÁTHSTIÚRTHÓIR



Ainm
Alison Carruth

Scoil lena mbaineann
Coláiste Cois Life

Ainmnithe ag
Gaelscoil Longfoirt
Scoil Chaitriona
Coláiste Cois Life
Gaelscoil Chnoc na Ré

GNÁTHSTIÚRTHÓIR



Ainm
Deirdre Nic Gabhann

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Riabhach

Ainmnithe ag
Gaelscoil Bhaile Brigín
Scoil Chaitriona
Gaelscoil Chnoc na Ré

GNÁTHSTIÚRTHÓIR



Ainm
Hazel Ní Phiogóid

Scoil lena mbaineann
Gaelscoil Riada

Ainmnithe ag
Gaelscoil Riada
Scoil Chaitriona
Gaelscoil Chnoc na Ré

GNÁTHSTIÚRTHÓIR

Ainm

Seán Mag Oireachtaigh

Scoil lena mbaineann

Scoil Chaitríona

Ainmnithe ag

Scoil Chaitríona

GNÁTHSTIÚRTHÓIR

Ainm

Cathal Ó Luain

Scoil lena mbaineann

Scoil Chrónáin

Ainmnithe ag

Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré
Scoil Chrónáin**GNÁTHSTIÚRTHÓIR**

Ainm

Conall Ó Cruadhlaich

Scoil lena mbaineann

Gaelcholáiste Luimnigh

Ainmnithe ag

Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré**GNÁTHSTIÚRTHÓIR**

Ainm

Póla Ní Chinnsealaigh

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Éadan Doire

Ainmnithe ag

Scoil Chaitríona
Gaelscoil Éadan Doire
Gaelscoil Chnoc na Ré**GNÁTHSTIÚRTHÓIR**

Ainm

Fíona Uí Uiginn

Scoil lena mbaineann

Coláiste Íosagáin

Ainmnithe ag

Scoil Chaitríona
Gaelscoil Chnoc na Ré**GNÁTHSTIÚRTHÓIR**

Ainm

Elaine Ní Shé

Scoil lena mbaineann

Gaelcholáiste Luimnigh

Ainmnithe ag

Coláiste Pobail Osraí
Gaelcholáiste Luimnigh

GNÁTHSTIÚRTHÓIR**Ainm****Pádraig Ó Duinneacha****Scoil lena mbaineann****Gaelscoil de hÍde (Gaillimh)****Ainmnithe ag****Gaelscoil de hÍde
(Gaillimh)****GNÁTHSTIÚRTHÓIR****Ainm****Cathnia Ó Muircheartaigh****Scoil lena mbaineann****Coláiste Pobail Osraí****Ainmnithe ag****Gaelscoil Chnoc na Ré****GNÁTHSTIÚRTHÓIR****Ainm****Yvonne Ní Mhurchú****Scoil lena mbaineann****Gaelscoil an Longfoirt****Ainmnithe ag****Gaelscoil Chnoc na Ré****GNÁTHSTIÚRTHÓIR****Ainm****Máirín Ní Chéileachair****Scoil lena mbaineann****Gaelscoil Uí Fhiaich****Ainmnithe ag****Gaelscoil Chnoc na Ré****GNÁTHSTIÚRTHÓIR****Ainm****Seán Ó Nuanáin****Scoil lena mbaineann****Gaelscoil Dhonncha Rua****Ainmnithe ag****Scoil Chaitríona**

RÚIN 2010

COMHDHÁIL BHLIANTÚIL GAELSCOILEANNA TEO. 2010

Rún 1

Gaelscoil Ráth Tó

- a) Cáineann an Chomhdháil seo cinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna gan aitheantas a thabhairt do Choiste Bunaithe Gaelscoil Rath Tó oscailt i Meán Fómhair 2010, in ainneoin éileamh an-mhór cruthaithe don ghaelscoil.
- b) Molann an Chomhdháil seo díograis agus dílseacht an Choiste Bunaithe oscailt gan aitheantas.
- c) Dearbhaíonn an Chomhdháil seo tacaíocht iomlán na heagraíochta don scoil agus don choiste bunaithe.
- d) Aithnímid an tacaíocht atá léirithe ag scoileanna, ag na heagrais Ghaeilge agus ag an ngrúpa *Aitheantas* don fheachtas, agus
- e) Éilimid go dtabharfar aitheantas do Ghaelscoil Ráth Tó láithreach chun gur féidir léi freastal ar an éileamh ollmhór a bheidh ar áiteanna sa scoil sna blianta romhainn.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 2

Ceartha Tuismitheoirí i leith Gaeloideachais dá bPáistí

Dearbhaíonn an Chomhdháil seo ceartha tuismitheoirí an gaeloideachas a bheith mar rogha oideachais dá gcuid páistí agus troidfidimid go tréan ar son éilimh ar an ngaeloideachas mar chritéar lárnach in aon phróiseas nua aitheantais scoile don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 3

Próiseas Aitheantais Iar-bhunscoileanna

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais & Scileanna éagsúlacht scoilcheantar agus sainriachtanais na ngaelcholáistí a áireamh agus na critéir / treoirlínte nua maidir le bunú scoile á dhréachtú acu.

Gaelscoil Bhaile Brigín, Baile Átha Cliath.

Rún 4

An Gaeloideachas i gcroílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

Aithníonn an Chomhdháil seo go bhfuil forbairt an Ghaeloideachais i gcroílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge agus éilimid:

- a) Go gcuirfí na gealltanais uile atá ann i bhfeidhm de réir sceideal agus próiseas comhaontaithe i gcomhar leis na páirtithe cuí.
- b) Go gcuirfear struchtúr oifigiúil i bhfeidhm, a dhéanfaidh soláthar agus ordú ar sheirbhísí oideachasúla trí mheán na Gaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge.
- c) Go n-aithneofar tábhacht an scoilphobail i bhforbairt na straitéise trí infrastruchtúr, acmhainní agus tacaíocht chuí a chur ar fáil.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 5

Critéir Thosaíochta do Mhórtionscnaimh Tógála

Molann an Chomhdháil seo go ndéanfaí leasú ar na Critéir thosaíochta do Mhórtionscnaimh Tógála ag an Roinn Oideachais is Scileanna, ionas go dtabharfaí aitheantas cuí do scoileanna atá i gcóiríocht shealadach go fadtéarmach.

Gaelscoil Philib Barún, Co Phort Láirge.

Rún 6

Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

Cáineann an Chomhdháil seo an easpa dul chun cinn atá déanta ag an Roinn maidir le soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan atá ag fanacht le blianta fada.

Éilíonn an Chomhdháil:

- Go rachaidh an Roinn i ngleic leis an mbearna seo a dheisiú a luaithe agus is féidir chun go dtabharfar cothrom na féinne do gach scoil.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 7

Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil

Cáineann an Chomhdháil seo na leasaithe a rinneadh ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil gan sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur san áireamh.

Éilíonn an Chomhdháil:

- Go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna athmhacnamh ar an gcinneadh diúltú d'iarratas na Meithle ATAL ábhar nua ardteiste a thabhairt isteach i saíocht agus i litríocht na Gaeilge le freastal ar dhaltaí le hardchaigdeán Gaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 8

Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go dtabharfaidh GAELSCOILEANNA TEO. an plé a bhí acu leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaobh stádaí, riachtanas agus acmhainní do na hAonaid lán-Ghaeilge chun chríche.

Coláiste na Sceilge, Ciarraí.

Rún 9

COGG

- Molann an Chomhdháil seo cinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Airgeadais aitheantas a thabhairt do thábhacht obair COGG trí bhuiséad suntasach a cheadú d'fhorbairt acmhainní don earnáil.
- Cáineann an Chomhdháil, áfach, an moratóir fostaíochta atá ar COGG atá ag cosc orthu an clár oibre a chur i gcrích ceal foirne.
- Cáineann an Chomhdháil an mhoill a bhaineann le ceapachán na Comhairle agus an mhoill dá réir ar chur i gcrích an chláir oibre.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 10

Seirbhísí agus Acmhainní Náisiúnta

Éilíonn an Chomhdháil seo go n-eagrófaí agus go scaipfí bunachar eolais maidir leis na seirbhísí agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ar ghaelscoileanna na tíre.

Gaelscoil Bhaile Brigín, Baile Átha Cliath.

Rún 11

Na Saicrimintí as Gaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh an deis ag gach páiste atá ag freastal ar ghaelscoil na saicrimintí a fháil i nGaeilge agus go mbeidh ceiliúradh na saicrimintí ar siúl san eaglais pharóiste is cóngaraí don scoil.

Gaelscoil Uí Earcáin, Baile Átha Cliath.

Rún 12

Painéal ath-implonnaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear painéal ath-implonnaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí i ngaelscoileanna láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Rún 13

Cuíchóiriú na hEarnála Deonaí

Tacaíonn an Chomhdháil seo le haon athstruchtúrú ar an earnáil dheonach a bheadh chun leasa earnáil na Gaeilge trí chéile agus earnáil na gaelscolaíochta, ach go háirithe.

Éilimid dá réir:

- Go léireofaí nasc láidir idir aon samhail nua mhaoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu.
- Go mbeidh todhchaí seasmhach inmharthana ag an earnáil ghaeloideachais trí chóras ceart maoinithe bheith ar fáil.
- Go mbeidh soláthar do chroí-mhaoiniú cuí móide maoiniú de réir tionscadail ar fáil don eagraíocht chun seirbhís a chur ar fáil a léireodh éifeacht agus éifeachtúlacht feabhsaithe, comhoibriú feabhsaithe agus comhroinnt acmhainní, saineolas agus saintaithí i mbealach comhordaithe, trédhearcach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

SCÉALTA

Ó NA SCOILEANNA ÁITIÚLA

GAELSCOIL EISCIR RIADA



Molly Nic Anna Ní Bhriain ar a céad lá ar scoil.

GAELSCOIL AN tSLÍ DÁLA



Páistí ó Ghaelscoil an tSlí Dála i gCo. Laoise ag cur fáilte roimh an lasrach do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta i Ros Cré, 2010.

GAELSCOIL ÉADAN DOIRE



Lá Oscailte ag an gCumann Rugbaí: Seo grianghraf de pháistí, de thuismitheoirí agus de mhúinteoirí na scoile ag freastal ar an lá oscailte a bhí eagraithe ag an gCumann Rugbaí in Éadan Doire.

GAELSCOIL PHORT LAOISE



Rásaíocht Trastíre: Comhghairdeas leis na páistí ar fad ó ranganna 4,5 agus 6 a ghlac páirt sa Rásaíocht Trastíre i Ráithín an Uisce le déanaí. Bhaineadar an sult as an ócáid.

GAELSCOIL AN MHUILINN



Foireann peile Ghaelscoil an Mhuilinn, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, a bhuaigh Corn Gael Linn den chéad uair ag an gcomórtas peile i Rath Chairn i mbliana.

GAELSCOIL THROMAIRE



Foireann iománaíochta na scoile 2010 leis an gcorn a bhuaigh siad i mbliana.

TUAIRISC

AR RÚIN 2009 AGUS AR OBAIR NA hEAGRAÍOCHTA 2010

1. Bunú Scoileanna

2. Buanú Scoileanna

3. Forbairt Scoilphobail

LEAGTAR amach thíos léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2009, de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana (CCB) 2009 agus de réir an 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta:-



Bunú Scoileanna

Rún 1 - CCB 2009

Bunú Scoileanna

1. *Ag aithint go luann ráiteas físe an Rialtais i leith na Gaeilge “go gcuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltai scoile arb é mian a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí é”, cáineann an Chomhdháil seo cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta gan aitheantas a thabhairt don seacht nGaelscoil nua-bheartaithe i Meán Fómhair 2009, cinneadh a shéanann cearta tuismitheora i leith rogha na gaelscolaíochta.*

Éilimid:

a) go dtabharfar aitheantas do na scoileanna seo i 2010, agus

b) go mbeidh éileamh ar an ngaeloideachas mar chritéar lárnach sa phróiseas nua aitheantais scoile de chuid an Choimisiúin um Chóiríocht Scoileanna.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

Sa bhliain 2008 chuir an tAire Oideachais deireadh leis an gcóras a bhí ann le scoileanna nua a bhunú go neamhspleách agus cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe ar an gcóras chun aitheantas a bhaint amach do scoileanna nua. Tá sé i gceist go bhfoilseoidh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, a bhfuil ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. air, na critéir nua sa bhFómhair 2010.

Cé go bhfáiltíonn an eagraíocht roimh an aitheantas atá á thabhairt sna dréachtchritéar sa mhéid is go dtagraíonn siad do thábhacht na gaelscolaíochta i bhforbairt na Gaeilge i gcomhthéacs an Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge agus i gcomhthéacs cearta

bunreachtúla, tá gá le forbairt agus breis anailise ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcur chuige a bheidh ann sa todhchaí ó thaobh soláthar gaelscoileanna.

Leanann an stocaireacht go fóill ar Rún 1b thuasluaite, agus creideann GAELSCOILEANNA TEO. gur gá go mbeadh éileamh cruthaithe agus inmharthanachta ar an ngaelscolaíocht mar chritéar lárnach sa phróiseas aitheantais bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann ná ar cheisteanna tíreolaíochta.

Tá an eagraíocht ag iarraidh tionchar a imirt ar fhorbairt an chórais nua chun a chinntiú go mbeidh éileamh cruthaithe ar an ngaelscolaíocht mar bhunchritéar don soláthar agus go mbeidh an ghaelscolaíocht ar fáil mar

rogha do thuismitheoirí arb é a mian é, nó cuirfear srian leis an earnáil scolaíochta is mó fáis agus éilimh in Éirinn. Mura dtabharfar aitheantais ar leith do sholáthar na gaelscolaíochta i bpróiseas nua na Roinne, tá cearta bunreachtúla na dtuismitheoirí uile ar na coistí bunaithe á sárú. Is dearcadh cúng, gearrthéarmach a bheadh ann a dhéanfaidh an-chuid dochair don Ghaeilge sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse.

Gaelscoil Ráth Tó

D'oscail Gaelscoil Ráth Tó gan aitheantas na ROS ar an 30 Lúnasa 2010 in Ionad Pobail Ráth Tó. Cinneadh misniúil, fadradharcach a bhí sa chinneadh a ghlac an Coiste Bunaithe. Le tacaíocht leanúnach ó GAELSCOILEANNA TEO., le cúnamh ollmhór pobail na scoileanna lán-Ghaeilge agus le cúnamh an ghrúpa feachtasaíochta, *Aitheantas*, tá ag éirí leis an scoil a cuid síolta a chur sa phobal agus éileamh seasta agus méadaitheach a léiriú. Leanfaimid orainn ag déanamh stocaireachta leis an ROS chun go bhfaighfidh Gaelscoil Ráth Tó aitheantas don scoilbhliain 2011.

Scoileanna Nua a bhí Beartaithe do 2010

Ábhar mór mishásaimh a bhí ann don eagraíocht agus don phobal nuair a d'fhógair An Roinn Oideachais agus Scoileanna Mí Feabhra 2010 nach mbeadh ach seacht gceantar sprioc-aitheanta faoin bplean Soláthar Bunoidreachais le scoileanna a oscailt iontu Meán Fómhair 2010, rud a chiallaigh nach mbeadh aon ghaelscoil ag oscailt i 2010 in ainneoin go raibh iarratas láidir do 2010 faoi bhreithiúnas na Roinne ó choiste bunaithe Ráth Tó. Níor tugadh aitheantas ach an oiread d'aon ceann den seacht ngaelscoil a rinne iarratas ar aitheantas do 2010 roimh gur fógraíodh córas aitheantais nua na Roinne.

Coistí Bunaithe Reatha

I ngeall ar an doiléireacht, tá an-íse brí ar na coistí bunaithe. Tuigimid an frustrachas agus an t-éadóchas

a bhaineann leis an easpa dul chun cinn sásúil agus táimid fíorbhuíoch dóibh siúd a choinnigh an misneach. Mar mhodh tacaíochta, reáchtálar seimineár lae ar an Satharn 13 Samhain do gach coiste reatha ag an dá leibhéal (móide na cinn atá ag túscheim an bhunaithe) chun scoileanna nua a fhoghlaim, eolas a bhailiú agus chun deiseanna malartú saineolais agus comhairle a bheith acu.

Tá na coistí bunaithe bunscoile thíos ag feidhmiú agus ag súil le haitheantas a bhaint amach go luath sa todhchaí:-

- Gaelscoil na Feoire, Cill Chainnigh
- Gaelscoil Oiriall, Dún Léire, Co. Lú
- Gaelscoil an Chuilinn, Baile an Tirialaigh, BÁC 15
- Gaelscoil Chillín Chéir, Achadh an Iúir, Oirthear an Chabháin
- Gaelscoil Oisín, Cromghlinn, BÁC 12

Níl coistí bunaithe Ghaelscoil Lusca, BÁC ná Ghaelscoil Ros Mhic Thriúin, Loch Garman ann a thuilleadh ach tá suim sna ceantair fós i scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú.

Suim nua léirithe:-

Tá an tOifigeach Forbartha ag plé le daoine sna ceantair thíos a bhfuil suim léirithe acu i mbunscoil a bhunú:-

- An Uaimh, Co. na Mí
- Ongar, Baile Átha Cliath 15
- Biorra, Co. Uíbh Fhailí
- Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí
- Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí
- Marino, Baile Átha Cliath 3 (luadh an ceantar seo ar liosta na ROS do na ceantair ina mbeidh gá le cur leis an soláthar scoile idir 2010-2015)

2. *Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh córas cinnte, cóir agus trédhearcach ann i leith bunú scoileanna ag an dara leibhéal.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

D'fhógair an Tánaiste i mí Iúil 2010 go dtiocfaidh leasú ar an bpróiseas a bhaineann le hiar-bhunscoileanna nua a aithint. De réir mar a cuireadh os comhair an phobail ag CCB 2009, fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. roimh chóras nua trédhearcach maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta ag leibhéal na Roinne. Bunóidh an Roinn Grúpa Comhairleach a dhéanfaidh moltaí a fhorbairt maidir le haitheantas d'iar-bhunscoileanna chun díriú ar na riachtanais a bheidh ann áit scoile a bheith ar fáil do 67,000 dalta breise faoi 2024.

Beidh ról lárnach ag GAELSCOILEANNA TEO. chun a chinntiú go mbeidh an t-athchóiriú beartaithe chun leasa na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge agus go dtabharfar aitheantas cuí do riachtanais agus don éileamh mór, inchosanta ar sholáthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Beimid ag fáiltiú go mór roimh an deis dul i mbun comhairliúcháin leis an Roinn ar fhorbairt an phróisis seo maidir leis na critéir a bhainfidh le bunú iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Staid Reatha na gCoistí Bunaithe

Gaelcholáiste Nua Ceadaithe do Charraig Uí Leighin do 2012

Fáiltimid go mór roimh chinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna 21 acra a cheannach ar a lonnófar an Gaelcholáiste, bunscoil nua (is féidir go mbogfaidh Gaelscoil Charraig Uí Laighin ann) agus scoil do pháistí le riachtanais speisialta.

Tá na coistí bunaithe iar-bhunscoile thíos i mbun feachtais stocaireachta, ullmhú aighneachta, staidéir féidearthachta, réamh-rollacháin daltaí, idirphlé mar gheall ar shuíomhanna faoi láthair le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna:

- Coláiste Ghlór na Mara, Co. Átha Cliath (ag díriú ar aitheantas do 2011)
- Gaelcholáiste na hIarmhí, An Muileann gCearr (ag díriú ar oscailt i 2011)
- Gaelcholáiste Chora Droma Rúisc, Co. Liatroma (ag díriú ar oscailt i 2011)
- Gaelcholáiste Shligigh, Co. Shligigh (ag díriú ar oscailt i 2012)
- Gaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath (ag lorg aitheantais ó 2006)
- Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Droichead Átha, Co. Lú (ag díriú ar oscailt i 2013)
- Gaelcholáiste Chill Dara Thuaidh, Maigh Nuad (dhiúltaigh an ROS dóibh faoi dhó)



Coiste bunaithe Gaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath

Buanú Scoileanna



Rún 3 - CCB 2009

An Córas Luath-Thumoideachais

3. *Aithníonn an Chomhdháil seo*

- i) *sainról agus obair GAELSCOILEANNA TEO. an luath-thumoideachas a chosaint, agus,*
- ii) *comhoibriú agus tacaíocht na bpáirtithe leasmhara uile chun réiteach na ceiste seo.*

Athdhearbhaíonn an Chomhdháil seo seasamh na heagraíochta i dtaobh an luath-thumoideachais ach go háirithe:

- a) *aistarraingt Chiorclán 0044 / 2007 láithreach,*
- b) *go dtabharfaí feidhm láithreach do mholtaí uile an CNCM i leith na ceiste seo,*
- c) *go gcuirfí clár cuimsitheach taighde dúchasach i gcrích ar na saincheistean uile i gcomhthéacs teanga agus litearthachta sna bunscoileanna lán-Ghaeilge.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Bhí cúis an-mhór ceiliúrtha ag gael scoileanna na tíre seo le poiblí an scéala mí Eanáir seo caite go bhfuil deireadh tagtha le ciorclán 0044 / 2007 maidir le Teanga agus Litearthacht i Ranganna Naíonán i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán. Tháinig cinneadh na Roinne i ndiaidh tréimhse dhá bhliain go leith de dhianfheachtas san earnáil i gcoinne eisiúint an chiorcláin sa bhliain 2007. Osclaíonn an cinneadh seo an doras d'fhorbairt riachtanach agus cuimsitheach ar an gcóras luath-thumoideachais sna gael scoileanna.

Tá ceistean le réiteach go fóill, áfach, ar a n-áirítear cé na múnlaí a bheidh aitheanta mar chuid den chóras luath-thumoideachais agus cén chlár taighde a bheidh mar bhonn d'fhorbairt an chórais. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag plé na ceiste leis an Roinn ó shin agus cuireadh

aighneacht faoina bráid maidir le teagasc churaclam an Bhéarla sna ranganna naíonán mar léiriú ar conas mar a bhaintear amach spriocanna uile an churaclaim lena linn. Gabhaimid buíochas ar leith le Siobhán Uí Bhraoin as a cuid cúnamh air seo. *Tá fáil ar an aighneacht ón oifig ach teagmháil a dhéanamh linn.*

Níl an córas nua deimhnithe ag an Roinn go fóill, ach is cinnte go ndeachaigh an stocaireacht agus an t-idirphlé i bhfeidhm orthu go dearfach. Táimid ag súil leis go mbeidh an córas nua fógartha go luath.

Eolas don dialann: Tá sé i gceist ag GAELSCOILEANNA TEO. ceardlanna a reáchtáil san Earrach 2011 ar fheidhmiú praiticiúil an chórais (luath)thumoideachais. Fógrófar na dátaí go luath.



An Feachtas Tumoideachais

Rún 4 & 5 - CCB 2009

Seirbhísí do Scoileanna



Foigneamh nua Ghaelscoil Chloch na gCoillte

4. *Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go gcuirfear struchtúr oifigiúil i bhfeidhm, a dhéanfaidh soláthar agus ordnú ar sheirbhísí oideachasúla trí mheán na Gaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

5. *Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh gan feidhm a thabhairt don tionscnamh tacaíochta agus forbartha don Ghaeilge i mBaile Bhúirne, chun go gcuirfear leis an obair riachtanach atá ar bun ag COGG.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Tá an dá rún thuas ina n-ábhar éilimh leanúnach ar an Roinn Oideachais agus Scileanna.

6. *Aithníonn an Chomhdháil seo éacht oibre agus tábhacht COGG don earnáil agus éilimid ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar an Taoiseach agus ar an Rialtas:*

- a) *neamhaird a dhéanamh de mholtaí an Ghrúpa Speisialta (McCarthy) i leith COGG agus,*
 b) *riachtanais COGG a aithint trí thacaíocht cheart a thabhairt dá caomhnú agus láidriú.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Tá buíochas ollmhór ag dul do scoileanna, d'eagrais agus do chairde uile na gaelscolaíochta a chabhraigh linn agus le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta leis an bhfeachtas stocaireachta chun cur i gcoinne mholadh Mhic Cárthaigh i dtaobh thodhchaí COGG. D'aithin an Roinn an riachtanas a bhaineann le sainobair COGG trí bhuiséad méadaithe a thabhairt dóibh. Faraor, tá móratoir

orthu ó thaobh earcú foirne de, rud a fhágann an-dúshlánach é tabhairt faoin gclár oibre reatha agus aon chúraimí bhreise a thitfidh orthu leis an mbuiséad nua ceadaithe. Is gá dúinn dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais agus Scoileanna agus ar an Roinn Airgeadais an móratoir seo a chealú chun gur féidir leanúint le forbairt earnáil na gaelscolaíochta ag an dá leibhéal.

7. *Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deireadh a chur leis an socrú reatha go n-íocann scoileanna 5% de chíos agus go n-íocfaidís 100% de chíos gach scoile láithreach.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

8. *Cáineann an Chomhdháil seo fochaiteachas caipitiúil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i mbliana agus éilimid go dtabharfaí tosaíocht do ghéarchéim staid na cóiríochta i scoileanna le haitheantas buan atá i gcóiríocht shealadach láithreach.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Tá an dá cheist thuas ceangailte go dlúth leis an athbhreithniú atá ar siúl maidir le critéir aitheantais do scoileanna nua. Trí ionadaíocht ar an gCoimisiún um Chóiríocht Scoileanna, tá éileamh déanta ag an eagraíocht ar an Roinn go dtabharfar aghaidh ar bhonn práinneach ar cheist na cóiríochta sna scoileanna atá ann cheana i gcomhthéacs aon fhorbartha san earnáil. Faoi láthair tá 46% de na bunscoileanna lán-Ghaeilge gan cóiríocht bhuan agus tá 47 scoil ag fanacht 10 mbliana ar a laghad don chóiríocht agus 10 astu siúd ag fanacht

20 bliain nó níos mó. Bheadh méid mór de na scoileanna seo in ann fás go dtí an dara sruth ach an chóiríocht chuí a bheith ar fáil dóibh (nó fiú fás mar scoil sruth amháin lán). Is gá an easpa cóiríochta cuí atá ag scoileanna atá bunaithe cheana a thógáil san áireamh agus an Coimisiún ag pleanáil d'áiteanna scoile sa todhchaí. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag éileamh ar an Roinn go rachfaí i ngleic leis an mbearna seo a mhaolú a luaithé agus is féidir.

9. *Aithníonn an Chomhdháil seo rí-thábhacht an oideachais do thodhchaí na tíre agus éilimid ar an ROE gan moltaí an Ghrúpa Speisialta (McCarthy) i leith an oideachais a chur i bhfeidhm.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Bíonn na saincheistanna seo faoi chúrsaí maoinithe á bplé ag an eagraíocht lenár gcuid bpáirtithe sna heagrais bainistíochta, mar aon le raon eile saincheistanna bhainistíochta a bhaineann le cúrsaí rialacháin, curaclaim agus eile.

Tá ag éirí go han-mhaith leis an gcur chuige comhoibhreach atá ag Grúpa na nEagraíochtaí

Bainistíochta Bunleibhéil, a bhfuil GAELSCOILEANNA TEO. mar bhall de chun mórcheistanna a phlé agus freagra comhaontaithe na hearnála a chur faoi bhráid an Rialtais agus na Roinne Oideachais. Gabhaimid buíochas ar leith le Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge as an gcomhoibriú leanúnach ar raon leathan saincheistanna.

10. *Éilíonn an Chomhdháil seo ar an CNCM agus ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an t-eolas a chur ar fáil láithreach do scoileanna ag an dara leibhéal faoin gcúrsa nua Gaeilge don Ardteistiméireacht a bheidh á scrúdú don chéad uair sa bhliain 2012.*

Coláiste Íosagáin, Co. Bhaile Átha Cliath

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Foilsíodh siollabas leasaithe Gaeilge don Ardteist i Samhradh 2010 ina bhfuil laghdú suntasach ar an gcúrsa litríochta agus méadú ar líon na marcanna a bhronnfar ar an mbéalt rial. Ábhar mór míshástachta a bhí san easpa comhairliúcháin a rinneadh le páirtithe agus le scoileanna agus an easpa fógra do scoileanna le cur ar a gcumas an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh.

Chun dul i ngleic leis an bhforbairt seo, bunaíodh Meitheal na Gaeilge ATAL, atá comhdhéanta de bhaill as GAELSCOILEANNA TEO. móide ESG, faoi Chathaoirleacht Anna Uí Ghalchóir. Tá an Mheitheal ag iarraidh dul i bhfeidhm ó shin ar an Aire agus ar Oifigigh na Roinne go mbeidh impleachtaí móra ann do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí mar nach mbeidh dúshlán feiliúnach ann dóibh. Tá an Mheitheal ag éileamh ar an Aire agus Tánáiste Coughlan go mbeadh ábhar iomlán breise ar fáil ag ardleibhéal na hArdteiste don Ghaeilge, ábhar a rachfadh i ngleic leis na dúshláin sa

scríbhneoireacht atá ann ag an leibhéal seo faoi láthair. Thabharfadh an t-ábhar seo deis do na daltaí a bhfuil leibhéal ard Gaeilge acu forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna teanga agus tuiscint chearta a fháil ar oidhreacht liteartha na Gaeilge. Thug an tAire le fios go mbeidh an siollabas nua á chur i bhfeidhm mar chéad chéim, go ndéanfar athbhreithniú air agus go dtabharfar moltaí na meithle san áireamh san athbhreithniú céanna.

Cé go mbeidh marcanna breise ag dul don bhéalt rial, ní léir go fóill cé mhéid de dhúshlán breise a bheidh ann do dhaltaí a bhfuil leibhéal maith Gaeilge acu cheana féin. Ní léir ach an oiread cén córas measúnachta a bheidh ann don bhéalt rial nua. Leanfaidh Meitheal na Gaeilge ATAL ag déanamh stocaireachta ar an Roinn agus ar an Aire go dtí go dtabharfar cothrom na féinne dóibh siúd a bhfuil an dúshlán breise de dhíth orthu.

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Forbairt ar Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna

Reáchtáladh seisiún lae ar an 15 Bealtaine 2010 san Institiúid Oideachais Marino do na boird bhainistíochta bunleibhéil. In ainneoin gur tháinig an lá agus an tréimhse bliana salach ar Chéad Chomaoineach in a lán scoileanna, bhí rath ar an lá agus fuairamar aiseolas an-dearfach ó rannpháirtithe. Clúdaíodh an 5 mhodúl seo a leanas:-

1. An Bord mar Aonad Corpraithe
2. Saincheisteanna Dlí
3. Cosaint Leanaí
4. Nósanna Imeachta Ceapacháin
5. Airgeadais agus ról an chisteora

Tá roinnt scoileanna a thug faoin oiliúint ag a gcuid cruinnithe den bhord bainistíochta, agus táimid an-bhuíoch do Phól Mag Lionáin a chuir oiliúint ar dhá scoil i nGaillimh. Tá sé i gceist againn leanúint leis an gcur chuige go mbeadh soláthar ann don oiliúint trí mheán na Gaeilge agus tá athbhreithniú ar bun faoin gcur chuige is fearr chun a chinntiú go bhfaighidh oiread agus is féidir do na boird oiliúint chuí. Tá pleanáil ar bun cheana maidir le h-oiliúint chuí do na boird nua a thiocfaidh i réim Samhain 2011.

Is féidir ábhar gach modúil (i mBéarla agus i nGaeilge) a íoslódáil ón suíomh gréasáin www.gaelscoileanna.ie.

Treoirleabhar ar an luathoideachas lán-Ghaeilge

Ag eascairt as an seimineár ar an luathoideachas a reáchtáladh i 2009 mar chomhthionscnamh idir GAELSCOILEANNA TEO. agus FNT, tá moltaí á bhforbairt ag Máire Mhic Mhathúna, Ceann Roinne gníomhach sna hEolaíochta Sóisialta, ITBÁC maidir leis an aistriú ó naíonra chuig an bhunscoil lán-Ghaeilge agus beidh siad á bhfoilsiú go luath mar áis do scoileanna agus do naíonraí.

DÁTA DON DIALANN: Tá sé i gceist Comhsheimineár a reáchtáil arís i mbliana le FNT ar an 4 Nollaig i mBÁC. Is é ábhar an tseimineáir ná 'An cur chuige sna luathbhlianta – Síolta, Aistear agus an Curaclaim bunscoile'. Beidh seo dírithe ar mhúinteoirí na naíonán, príomhoidí agus stiúrthóirí naíonraí. Féadfaidh tú gach eolas a fháil ó Nóra ag nora@gaelscoileanna.ie

Ceardlann ar oideachas trí Ghaeilge do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Iar-bhunleibhéil ag Comhdháil an NAPD

Ar an 8 Deireadh Fómhair, reáchtáladh ceardlann mar chomhthionscadal idir GAELSCOILEANNA TEO., Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus an NAPD ar oideachas trí Ghaeilge do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Iar-bhunleibhéil. Le cabhair ó bheirt phríomhoide (Áine Uí Cheallaigh, príomhoide i Scoil Gaeltachta agus Tomás Mac Pháidín, príomhoide i Scoil Iasmuigh den Ghaeltacht) pléadh todhchaí na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag ar cuireadh an-bhéim ar fhís na hearnála i gcoitinne. Cuireadh in iúl dúinn go bhfuil fóram ar leith bunaithe ag an IVEA do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta atá faoina chúram. Os rud é go bhfuil tionchar ag na Coistí Gairmoideachais ar dhá thrian de na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, tá súil ag GAELSCOILEANNA TEO. go mbeidh dea-thionchar ag a leithéid d'fhóram ar an earnáil. Léirigh Muireann Ní Mhóráin ó COGG go bhfuil an eagraíocht ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na n-iar-bhunscoileanna faoi láthair agus dheimhnigh Éamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta na Roinne Oideachais agus Scoileanna go bhfuil an Roinn ag obair ar sheirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge. Leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh ag comhoibriú le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus an NAPD chun leasa na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Oiliúint réamhsheirbhíse

Maidir le cúrsaí réamhsheirbhíse, tugtar tacaíocht do na coláistí oiliúna trí léacht mar chuid de mhodúil réamhsheirbhíse ar an ngaelscolaíocht. Sa bhliain 2010 tugadh léacht d'ábhar oidí i gColáiste Froebel agus i gColáiste Marino faoin ngaelscolaíocht mar rogha gairme. Ábhar mór sásaimh atá ann méadú a fheiceáil i líon na rannpháirtithe ar na modúil roghnacha seo.

Líonra Réigiúnach do Scoileanna

Táimid ag forbairt struchtúr nua tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn réigiúnach go leanúnach le bliain anuas. Is í aidhm an tionscadail seo ná gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna ag an dá leibhéal ar bhonn áitiúil le go mbeidh deiseanna rialta ag pobail na scoile saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshlán a phlé agus obair i dteannta a chéile.

Faoin líonra seo, tá an tír roinnte i 16 réigiún againn agus tá cruinnithe á n-eagrú againn i ngach ceann acu siúd. Tugtar cuireadh do phobail na scoileanna áitiúla teacht agus bualadh le chéile i dteannta le hionadaí ón eagraíocht. Tá na cruinnithe oscailte do phobal uile na scoileanna; foireann, Boird Bhainistíochta, tuismitheoirí agus coistí bunaithe lonnaithe sa cheantar. Tá liosta na scoileanna sna réigiúin éagsúla agus tuilleadh eolais mar gheall ar na cruinnithe ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie.

Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas

Táimid ag obair go leanúnach leis an gCoiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas, a bhfuil gach eagraíocht a bhfuil sainról an ghaeloideachais aici

ina balleagraíocht de. Is é príomhról an Choiste ná cur leis an gcomhoibriú agus an chomhthuisceant i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an ngaelscolaíocht sa dá dhlíse chun gur féidir linn tionchar a imirt ar bhonn comhordaithe ar na Ranna Rialtais agus ar eagraíochtaí leasmhara.

Dáta don Dialann: Reáchtálfar seimineár lae taighde ar an 6 Nollaig san óstán Clarion, Aerfort, B.Á.C.. Is é sprioc an tseimineáir ná deis a thabhairt do dhaoine atá i mbun taighde i scoileanna agus in institiúidí oideachais a gcuid taighde a chur i láthair ar mhaithe le haiseolas a fháil agus le bearnaí sna réimsí taighde a aithint.

Comhoibriú Thuaidh Theas ar Oideachas trí Mheán na Gaeilge

Mar bhall den choiste nua a bhfuil mar chúram aige oideachas trí mheán na Gaeilge a fhorbairt trí chomhoibriú thuaidh theas, tá GAELSCOILEANNA TEO. ag forbairt clár i gcomhar leis an gcoiste chun na deiseanna malartaithe saineolais thuaidh theas a mheádú. Tá an-áthas orainn fáilte mhór a chur roimh na múinteoirí ó ghaelscoileanna ó thuaidh atá ar chuairt chuig roinnt gaelscoileanna sa deisceart agus atá ag freastal ar an gComhdháil i mbliana. Eascraíonn an malartú múinteoirí seo as clár oibre an choiste seo.

Forbairt Scoilphobail



Rún 11 - CCB 2009

Forbairt Scoilphobail

11. *Aithníonn an Chomhdháil seo tábhacht an scoilphobail i bhforbairt na gaelscolaíochta agus éilimid go n-aithneodh an dá Rialtas a ról trí hinfrastruchtúr, acmhainní agus tacaíocht chuí a chur ar fáil.*

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Is deacair an cheist seo a réiteach agus mór-athruithe beartaithe ó bhonn agus ag tarlú in earnáil na Gaeilge ó thaobh infrastruchtúir agus struchtúr tacaíochta don phobal i gcoitinne. Ábhar dóchais é, áfach, an tábhacht a leagtar ar an infrastruchtúr cuí seo sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge.

Ag leibhéal thionscadail na heagraíochta sa réimse seo, d'éirigh go han-mhaith le hImeachtaí Idirscoile agus leis an gcómórtas **Scléip**. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an scéim Imeachtaí Idirscoile, tá comhoibriú idirscoile á neartú agus deiseanna á gcothú do pháistí páirt a ghlacadh in imeachtaí trí Ghaeilge le scoileanna eile. Tá samplaí ar fáil ón oifig den chineál imeachta a d'fhéadfaí a reáchtáil don bhliain 2011.

Bhí an-spraoi in amharclann an *Axis* i mBaile Átha Cliath ar an 20 Márta nuair a ghlac 18 scoil páirt i gcraobh ceannais Scléip 2010. Roghnaíodh na hiomaitheoirí as an 400 mac léinn san iomlán a ghlac páirt sna babhtáí réigiúnacha.

Seo thíos liosta na mbuaiteoirí:

- Ceol Aonair: Shane Ó hAonghusa, Gaelcholáiste Cheatharlach
- Rince Cruthaitheach (Aonair): Breandán Ó hIarnáin, Scoil Phobail Mhic Dara
- Rince Cruthaitheach (Grúpaí): Domhan Tarraingt, Gaelcholáiste Cheatharlach
- Amhránaíocht Aonair: Ami Ní hUigéad, Coláiste Chilllainn
- Pop / Rac Cheol: Peadar Ó Goill, Gairmscoil Éinne
- Grúpaí Ceoil: Reach Linn, Gaelcholáiste Reachrann
- Drámaíocht / Mím: Teach na mBocht, Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- Comórtas Ilchineálach: Rosie Ní Gairbheith, Pobalscoil Ghaoth Dobhair

Bronnadh duaiseanna nuálaíochta ar:

- Ceol Aonair: Clár Ní Mhaoltuile, Coláiste Laurel Hill FCJ
- Grúpaí Ceoil: Trí Lasadh, Scoil Phobail Mhic Dara
- Drámaíocht / Mím: An Maidrín Rua, Coláiste Cholmcille

Agus comhghairdeas le Pobalscoil Ghaoth Dobhair, a bhain an Príomh-Dhuais amach i mbliana as an dráma, *Teach na mBocht*. Tá ardmholadh tuilte ag na hiomaitheoirí ar fad a chuir seó stáitse den scoth ar fáil dúinn.

Mór-mheasúnú ar na heagrais Ghaeilge

Tá mór-athruithe ag tarlú in earnáil bhunmhaoinithe Fhoras na Gaeilge le tamall anuas, le hathstruchtúrú beartaithe don tréimhse ó Mheitheamh 2011. Ní fios dúinn go fóill na himpleachtaí dúinn féin mar eagraíocht a fhaigheann a cuid maoinithe ón bhForas, mar aon le heagrais Ghaeilge eile. I gcomhthráth leis seo, tá an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, atá le foilsiú Fómhair 2011, ag aithint forbairt na gaeilscolaíochta mar bhunchloch chur chun cinn na Gaeilge. Creidimid go láidir gur den riachtanas é go mbeidh caomhnú agus forbairt earnáil na gaeilscolaíochta i gcroílár aon straitéis do thodhchaí na Gaeilge. Creidimid gur féidir an earnáil a láidirú trí luach ar airgead a chinntiú san earnáil, agus comhoibriú níos éifeachtaí a chur chun cinn trí shaincileanna agus saineolas a roinnt idir eagraíochtaí.

Tá a lán comhoibrithe ar bun le tamall anuas idir eagrais lán-Ghaeilge chun leasa an phobail agus beidh sé mar thoradh ar an athstruchtúrú atá idir lámha ag leibhéal an Stáit go mbeidh níos mó comhoibrithe ar bun ar bhonn foirmeálta. Sa chomhthéacs seo déanfaidh GAELSCOILEANNA TEO. anailís ar na féidearthachtaí ar fad atá ar fáil dóibh.



Peadar Ó Goill, Gairmscoil Éinne, buaiteoir sa chatagóir Pop / Rac Cheol 2010 le hOrla Nic Shuibhne, bainisteoir *Seachtain na Gaeilge*

Rún 12 & 13 - CCB 2009

Comhoibriú ar Chomhdháil Oideachais

12. *Molann an Chomhdháil seo go rachadh Comhdháil GAELSCOILEANNA TEO. agus Comhdháil an Fhorais Pátrúnachta ag caint lena chéile faoi na féidearthachtaí a bheadh ann an dá ócáid a chur ar siúl san óstán céanna ag an am céanna.*

Gaelscoil Éadan Doire, Co Uíbh Fhailí

13. *Molann an Chomhdháil seo go rachadh an Bord Stiúrtha i gcainteanna leis an bhForas Pátrúnachta, COGG agus na heagraíochtaí eile in earnáil na gaeilscolaíochta in Éirinn faoi na féidearthachtaí a bheadh ann Comhdháil Oideachais Lán-Ghaeilge uile-oileánda a eagrú.*

Gaelscoil Riabhach, Gaillimh

Dul Chun Cinn na Tréimhse:-

Tá tús cúrtha le plé idir GAELSCOILEANNA TEO., an Foras Patrúnachta agus eagrais Ghaeloideachais eile maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le comh-chomhdháil nó ollchomhdháil a réachtáil.

Nuachtlitir Leictreonach

Tá scoileanna ag léiriú an-sástachta leis an nuachtlitir atá á foilsiú go ráithiúil ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Táimid an-sásta leis an aiseolas ó na scoileanna agus is breá linn na scéalta agus na grianghraif a fheiceáil ag teacht isteach a chuireann go mór leis an nuachtlitir. Leanaigí oraibh ag cur ábhair chugainn!

Buíochas le Bord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a chuid tacaíochta leanúnach dúinn san oifig. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán agus de gach ball den bhord a chuireann iad féin ar fáil dúinn go fiail flaithiúil.

Buíochas leis an bhFoireann

Ba mhaith liom an deis a thapú buíochas ó chroí a ghabháil leis an fhoireann as a dúthracht agus a díograis leanúnach agus sinn ag obair le chéile ar mhaithe le forbairt na heagraíochta agus na hearnála. Cé go mbímid faoi bhrú leanúnach san oifig, tá spiorad foirne láidir eadrainn, rud a chuireann go mór le héifeacht na heagraíochta. Bhí samhradh an-deas againn freisin le ceiliúradh pósta Clare Spáinneach agus Andrew Clarke agus pósadh Clare Walsh agus Micheál Ó Duibh, go mairfidh sibh bhur nuaíocht!

Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a ceadaíodh do 2010 chun go bhféadfaimis feidhmiú mar eagraíocht náisiúnta chomhordaithe agus tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge. Gabhaimid buíochas ar leith le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus an gcúnamh leanúnach.

Bláthnaid agus foireann GAELSCOILEANNA TEO. Samhain 2010



Na hlmeachtaí Idirscoile



Gill & Macmillan

I mbliana, beidh na foilseacháin do bhunscoileanna a bhíodh á fhoilsiú ag Carroll Education faoi chúram Gill & Macmillan, foilsitheoirí *Inis Dom* agus *Craic le Litriú*. San áireamh sna foilseacháin; tá; *Bualadh Bos*, *Léimis le Chéile*, *Ceol Abú*, *Eolaíocht Bheo*, *Cliste!* agus go leor eile. Tá áthas ar Gill & Macmillan urraíocht a dhéanamh ar Chomhdháil GAELSCOILEANNA TEO. i mbliana, ag tógáil ar an tacaíocht a thug Carroll Education don Chomhdháil le blianta anuas.

I 2010, foilsíodh na míreanna deireanacha i sraitheanna a bhfuil suim ar leith ag gaelscoileanna iontu; *Cliste!* agus *Ceol Abú*, agus cuireadh leis an dá sraith leabhar léitheoireachta Gaeilge atá ag Gill & Macmillan – an sraith neamhfhicsean *Fuinneog ar an Domhan* agus an sraith ficsean *Léimis le Chéile*. Táimid thar a bheith buíoch as tacaíocht leanúnach An

Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Má tá aon moltaí agat i leith táirgí nua i nGaeilge, bheadh áthas orainn cloisteáil uait.

Tá áiseanna ar líne den scoth ar *iLearn.ie* gur féidir úsáid ar chlár bán nó ar shonratheiligeoir na scoile. Más ábhar i nGaeilge ar líne atá á lorg ag múinteoirí na scoile, is *iLearn.ie* atá uathu. Is éard atá i *Mata ar Líne* ná acmhainn foghlama le 80 cluiche agus gníomhaíocht mhatamaitic trí Ghaeilge, agus ar *iLearn Irish*, tá níos mó ná 100 gníomhaíocht le tacú le foghlaim na Gaeilge. Is féidir an dá ceann a úsáid sa seomra ranga nó is féidir le daltaí úsáid a bhaint astu sa bhaile. Tabhair cuairt orainn ag an seastán agus bain triail astu tú féin.

Beidh muid ag súil go mór le buaileadh leat!



Forbairt Naíonraí Teoranta

Áiseanna spraíúla agus spreagúla d'úsáid na Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin leis na háiseanna go léir a fheiceáil

www.naionrai.ie



Teil: (01) 853 5101
R-phost: eolas@naionrai.ie

Maoinithe ag:





TUAIRISC

AN RÚNAÍ

Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil Bhliantúil 2009 i leith ar na dátaí seo a leanas:

16 Eanáir 2010, 20 Feabhra 2010, 6 Márta 2010, 17 Aibreán 2010, 22 Bealtaine 2010, 18 Meitheamh 2010, 28 Lúnasa 2010 agus 2 Deireadh Fómhair 2010.

D'éirigh Mait Ó Brádaigh agus Sinéad Ní Nualláin as an mBord Stiúrtha i rith na bliana.

Bliain dhúshlánach eile a bhí ann do Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. ag treorú phlean oibre na bliana de réir an Phlean Straitéiseach 2008 – 2011 idir bhunú, bhuanú agus fhorbairt scoilphobail. Cúis mhór inní arís don Bhord Stiúrtha agus d'earnáil na gaeilscolaíochta i mbliana a bhí ann nuair nár tugadh cead d'aon ghaelscoil nua oscailt in ainneoin na n-aighneachtaí agus na stocaireachta ar fad thar ceann na gcoistí bunaithe. Bhí achomharc déanta ag GAELSCOILEANNA TEO. agus ag an bhForas Pátrúnachta ar an gcinneadh a ghlac an Roinn Oideachais agus Scileanna gan aitheantas a thabhairt do Ghaelscoil Ráth Tó. Rinneadh iarratas um shaoráil faisnéise go dtí an Roinn maidir le haitheantas agus na critéir a baineadh úsáid astu chun scoileanna nua a oscailt. Tá an eagraíocht ag déanamh stocaireachta i gcónaí tríd an Choimisiún um Chóiríocht Scoileanna ag éileamh go mbeidh an ghaelscolaíocht mar bhunchritéar sa phróiseas aitheantais scoile.

Le bliain anuas, tá athstruchtúrú maoinithe á dhéanamh ar earnáil na Gaeilge, an earnáil bhunmaoinithe ag Foras na Gaeilge, ach go háirithe. Leanfar go sealadach leis an maoiniú go dtí go mbíonn an próiseas athstruchtúrtha i gcrích. Tá todhchaí maoinithe na hearnála ina cheist leanúnach, dhúshlánach agus tá GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhar le Fóram na Gaeilge agus na heagrais bhunmaoinithe eile ag comhoibriú leis an bhForas chun

go mbeidh an toradh is fearr agus is éifeachtaí d'earnáil na Gaeilge ar an bpróiseas athstruchtúrtha seo.

Cuireadh oiliúint ar na Boird Bhainistíochta i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta níos luaithe sa bhliain. Bhí freastal maith ar an traenáil agus tá GAELSCOILEANNA TEO. ag plé go leanúnach leis an bhForas Pátrúnachta maidir le modúil nua oiliúna.

Leanadh leis na struchtúir réigiúnacha fud fad na tíre agus tá líonraí réigiúnacha ag tabhairt deiseanna do phobail uile na scoileanna comhoibriú agus saineolas a roinnt ar a chéile. Bhí an-éileamh ar na hlmeachtaí ldirscóile i mbliana agus tá an scéim ag dul ó neart go neart. Tionóladh cruinniú do phríomhoidí na ngaelscoileanna ag Comhdháil an IPPN. Reáchtáladh comórtas tallainne na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta **Scléip** agus d'éirigh thar barr leis. Táimid ag súil le blaiseadh a fháil ar an gceol aoibhinn a bhí ann ag dinnéar na Comhdhála arís i mbliana sa Tulach Mhór.

Rinneadh monatóireacht rialta ar chur i bhfeidhm ár bPlean Straitéiseach i rith na bliana. Tá fo-choiste an iar-bhunleibhéil agus meitheal an tSiollabais ag obair ar aighneachtaí i gcónaí maidir leis na deacrachtaí a bhaineann leis an siollabas nua Ardeistiméireachta. Tionóladh roinnt mhaith cruinnithe ar an ábhar seo le hionadaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna, le polaiteoirí agus toscaireachtaí ón Meitheal.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann GAELSCOILEANNA TEO. agus le pobal uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do Chomhdháil Oideachais eile den scoth. Ní neart go cur le chéile!

Yvonne Ní Mhurchú,
Rúnaí an Bhord Stiúrtha

Tinreamh ar na cruinnithe den Bhord Stiúrtha 2009-2010

Seán Mag Oireachtaigh	8/8
Micheál Ó Broin	7/8
Yvonne Ní Mhurchú	7/8
Clodagh Ní Mhaolchiaráin	7/8
Seán Ó Nuanáin	7/8
Cathal Ó Luain	7/8
Póla Ní Chinnsealaigh	7/8
Fíona Uí Uiginn	6/8
Dealgan Ó Ciarubháin	6/8

Micheál Ó Duibh	5/8
Cathnia Ó Muircheartaigh	5/8
Máirín Ní Chéileachair	4/8
Alison Carruth	4/8
Deirdre Nic Gabhann	4/8
Hazel Ní Phiogóid	4/8
Conall Ó Cruadhlaoidh	3/8
Sinéad Ní Nualláin	3/6

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

ÓN gCRUINNIÚ CINN BHLIANA 21 SAMHAIN 2009

Miontuairiscí 2008

Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2008.

Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Deirdre Nic Gabhann

Tuairisc an Rúnaí

Molta: Sean Ó Nuanáin
Tacaithe: Micheál Ó Duibh

Cuntais na Bliana

Chuir Dealgan Ó Ciarubháin, cisteoir na heagraíochta na cuntais iniúchta 2008 i láthair.

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh
Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair

Na Rialacha Seasta

Díríodh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag baill chláraithe amháin.

Na Toghcháin

Bhí T.J. Ó Ceallaigh mar chathaoirleach ar sheisiúin na dtoghcháin. Ainmníodh Yvonne Ní Mhurchú agus Clodagh Ní Mhaoilchiaráin mar áiritheoirí.

Toghchán na n-Oifigeach

Uachtarán:	Micheál Ó Broin, tofa tar éis vóta, le Micheál Ó Duibh san iomaíocht.
Leas-Uachtarán:	Cathnia Ó Muircheartaigh, tofa gan iomaíocht.
Rúnaí:	Yvonne Ní Mhurchú, tofa gan iomaíocht.
Leas-Rúnaí:	Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
Cisteoir:	Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Caidrimh Phoiblí:	Máirín Ní Chéileachair, tofa gan iomaíocht.
Oifigeach Polasaí agus Pleanála:	Micheál Ó Duibh, tofa gan iomaíocht.

Toghchán na nGnáthstíúrtóirí:

Bhí 12 ainmniúcháin don Bhord agus tar éis vóta, toghadh an 11 seo a leanas:

Fíona Uí Uiginn
Cathal Ó Luain
Alison Carruth
Hazel Ní Phiogóid
Póla Ní Chinnsealaigh
Deirdre Nic Gabhann
Mait Ó Brádaigh
Seán Ó Nuanáin
Séan Mag Oireachtaigh
Sinéad Ní Nualláin
Conall Ó Cruadhlaich

Na Rúin

Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

Rún 1

Molta: Micheál Ó Broin
Tacaithe: Cathal Ó Luain
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 2

Mhol Colm Ó Tuathalán an rún seo a leasú agus thacaigh Cathnia Ó Muircheartaigh leis an leasú mar seo a leanas: Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh córas cinnte, cóir agus trédhearcach ann i leith bunú scoileanna ag an dara leibhéal.

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh
Tacaithe: Séan Mag Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 3

Molta: Micheál Ó Broin
Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 4

Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Deirdre Nic Gabhann
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 5

Molta: Séan Mag Oireachtaigh
Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 6

Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaíthe: Siobhán Mhic Gearailt
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 7

Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaíthe: Mícheál Ó Broin
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 8

Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaíthe: T.J. Ó Ceallaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 9

Molta: Dealgan Ó Ciarubháin
Tacaíthe: Mícheál Ó Broin
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 10

Molta: Fíona Uí Uiginn
Tacaíthe: Méabh Uí Chiagáin
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 11

Mhol Mícheál Ó Broin an rún seo a leasú agus thacaigh Clodagh Ní Mhaoilchiaráin leis an leasú mar seo a leanas:

Aithníonn an Chomhdháil seo tábhacht an scoilphobail i bhforbairt na gaelscolaíochta agus éilimid go n-aithníonn an dá Rialtas a ról trí hinfrastruchtúr, acmhainní agus tacaíocht chuí a chur ar fáil.

Molta: Mícheál Ó Duibh
Tacaíthe: Yvonne Ní Mhurchú
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 12

Mhol Póla Ní Chinnsealaigh an rún seo a leasú agus thacaigh Deirdre Nic Gabhann leis an leasú mar seo a leanas:

Molann an Chomhdháil seo go rachadh Comhdháil GAELSCOILEANNA TEO. agus Comhdháil an Fhorais Pátrúnachta ag caint lena chéile faoi na féidirtheachtaí a bheadh ann an dá ócáid a chur ar siúl san óstán céanna ag an am céanna.

Molta: Póla Ní Chinnsealaigh
Tacaíthe: Deirdre Nic Gabhann
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Rún 13

Mhol Deirdre Nic Gabhann an rún seo a leasú agus thacaigh Clodagh Ní Mhaoilchiaráin leis an leasú mar seo a leanas:

Molann an Chomhdháil seo go rachadh an Bord Stiúrtha i gcainteanna leis an bhForas Pátrúnachta, COGG agus na heagraíochtaí eile in earnáil na gaelscolaíochta in Éirinn faoi na féidirtheachtaí a bheadh ann Comhdháil Oideachais Lán-Ghaeilge oileánda a eagrú (ar mhaithe le sábháil airgid).

Molta: Deirdre Nic Gabhann
Tacaíthe: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Ghabh an t-Uachtarán Mícheál Ó Broin buíochas le gach duine as a rannpháirtíocht ag an gComhdháil. Rith sé rún buíochais freisin leis an gcoiste áitiúil agus le Gaelscoil Osraí agus le Coláiste Pobail Osraí as a gcuid tacaíochta agus cabhrach le heagrú sár-chomhdhála. Ghabh Mícheál buíochas leis an mBord Stiúrtha agus le foireann na heagraíochta as Comhdháil den scoth agus ar ard-chaighdeán a eagrú agus a reáchtáil.

Ritheadh rún comhghairdis le Séan Ó Nuanáin as a chuid ballraíochta den Bhord Stiúrtha le 25 bliain.

Scor an chruinnithe.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

"Déanfaidh muid gaisce le chéile"

Seo é do sheans

Tá réimse leathan cúrsaí fochéime agus iarchéime á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.



Chun breis eolais a fháil, déan teagmháil le:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101 / Facs: 091 595041

Ríomhphost: caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie | Idirlíon: www.acadamh.ie


Séideán Sí



Le ceannach agus le hordú uathu seo:

An Siopa Leabhar (01) 478 3814

www.siopagaeilge.ie www.cuplafocal.ie

www.litriocht.com

Is gá Costas Postais a fhiosrú

 AN GÚM

Séideán Sí - Rang 6

Ar fáil anois

Leabhar an Oide H

- Ceachtanna bunaithe ar théamaí an Churaclaim – Téarma 1
- Moltaí maidir le húsáid an úrscéil sa rang
- Moltaí maidir le húsáid na filíochta sa rang
- Moltaí maidir le húsáid na beathaisnéise sa rang
- Teimpléid éagsúla

Fite Fuaite (Leabhar an Dalta H)

2 Phóstaer

6 Phictiúrchárta

Dlúthdhiosca 1 & 2

Leabhar Mór an Eolais (ciclipéid)

Leabhair don Léitheoireacht

Úbalonga (úrscéal)

Amstardam (úrscéal)

Roinnt leabhar eile le foilsiú in am tráth

| Praghsanna agus tuilleadh eolais ar www.gaeilge.ie/angum |



RÁITEAS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

CLÁR

Eolas	40
Tuarascáil na Stiúrthóirí	41
Freagrachtaí Stiúrthóirí	42
Tuarascáil an Iniúcháir	43
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	45
Clár Comhardaithe	46
Nótaí ar na Cuntais	47
Ráiteas Sreabhadh Airgid	48
Cuntas Oibriúcháin	49

GAELSCOILEANNA TEORANTA

EOLAS

Stiúrthóirí	Mícheál Ó Broin (Uachtarán) Dealgan Ó Ciarubháin Cathal Ó Luain Seán Ó Nuanáin Seán Mag Oireachtaigh Cathnia Ó Muircheartaigh Yvonne Ní Mhurchú Máirín Ní Chéileachair Alison Carruth Clodagh Ní Mhaoilchiaráin Mícheál Ó Duibh Deirdre Nic Gabhann Conall Ó Cruadhlaoidh Fiona Uí Uiginn Hazel Ní Phiogóid Póla Ní Chinnsealaigh Mait Ó Brádaigh, d'éirigh sé as 22/5/10 Sinéad Ní Nualláin, d'éirigh sí as 31/8/10
Rúnaí:	Yvonne Ní Mhurchú
Oifig Chláraithe	Halla Naomh Pádraig Institiúid Oideachais Marino Ascaill Uí Ghríofa Baile Átha Cliath 9
Uimhir Chláraithe:	317146
Baincéirí:	Bainc Aontas Éireann 40/41 Sráid an Fheistí Baile Átha Cliath 2
Iniúcháir:	Dáithí Ó Maolchoille Cuntasóir Cairte agus Iniúcháir Cláraithe 75 Páirc Weston Baile an Teampaill Baile Átha Cliath 14

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

Cuireann na stiúrthóirí leis seo a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 faoi bhráid na gcomhaltaí.

Athbhreithniú ar imeachtaí na bliana

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

Torthaí na bliana agus staid cúrsaí ar 31 Nollaig 2009

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 ar leathanaigh 45 go 50. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 45. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 46.

Stiúrthóirí

Ar 21 Samhain 2009 ceapadh Fíona Uí Uiginn, Hazel Ní Phiogóid, Póla Ní Chinnsealaigh agus Mait Ó Brádaigh mar stiúrthóirí.

Ar 19 Meitheamh 2009 d'éirigh Anita Nic Amhlaoibh agus Réamaí Mathers as an mBord Stiúrtha.

Ar 21 Samhain 2009 d'éirigh Adrian Breathnach, Tadhg Ó Ceallaigh agus Ben Ó Floinn as an mBord Stiúrtha.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus é / í a bheith inainmnithe, cuireann sé / sí é / í féin ar fáil le bheith atofa.

Imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

Forbairtí amach anseo sa ghnóthas

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Leabhair chuntais

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhosú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

Iniúcháir

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Iniúcháir Cláraithe, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí

Mícheál Ó Broin

Dealgan Ó Ciarubháin

Stiúrthóirí

17 Aibreán 2010

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí

Mícheál Ó Broin

Dealgan Ó Ciarubháin

Stiúrthóirí

17 Aibreán 2010

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de GAELSCOILEANNA TEORANTA don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe, Ráitis Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 46 go 50. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Bunús thuairim an iniúchta

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí, tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir dhlíthe oiriúnacha agus na gcaighdeán cuntasáiochta atá eiseithe ag an mBord um Chaighdeán Iniúchóireachta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn).

Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúl agus rialaitheach gaolmhara agus na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire).

Tugaim tuairisc ar mo thuairim daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, agus cé acu ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tuairiscim daoibh freisin mo thuairim faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair chuntais cearta agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirim cé acu an bhfuair mé nó nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe riachtanacha uile chun críche mo iniúchta, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc daoibh freisin, más é mo thuairim é, nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le luach saothair agus le bearta na stiúrthóirí tugtha agus, más féidir, tugaim an t-eolas sin i mo thuarascáil.

Léim tuarascáil na stiúrthóirí agus cuirim ar an meá na himpleachtaí do mo thuarascáil má mheasaim cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

Tuairim

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais: go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na cuideachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2009 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Dáithí Ó Maolchoille

Cuntasóir Cairte, Iniúchóir Cláraithe
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14
17 Aibreán 2010

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	Nótaí	2009	2008
		€	€
Ioncam		491,771	531,801
Caiteachas		(500,141)	(508,132)
(Easnamh) / farasbarr oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	(8,370)	23,669
Cáin ar (easnamh) / fharasbarr ar ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
(Easnamh) / farasbarr ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach		(8,370)	23,669
Farasbarr ag 1 Eanáir		88,310	64,641
Farasbarr ag 31 Nollaig		79,940	88,310

Ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas iomlán admhaithe

Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais. Ní raibh gluaisreachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí

Mícheál Ó Broin

Dealgan Ó Ciarubháin

Stiúrthóirí

17 Aibreán 2010

CLÁR COMHARDAITHE

AG 31 NOLLAIG 2009

	Nótaí	2009	2008
		€	€
Sócmhainní seasta	4	-	-
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí			17,354
Airgead sa bhanc		96,871	89,767
		96,871	107,121
Creidiúnaithe (Iníoctha laistigh de bhliain amháin)		(16,931)	(18,811)
Glansócmhainní reatha		79,940	88,310
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		79,940	88,310
Comhdhéanta mar seo a leanas			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		79,940	88,310

Ar son na stiúrthóirí
Mícheál Ó Broin
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
17 Aibreán 2010

NÓTAÍ AR NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnáis chéadchostais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne díri mar a leanas:

Trealamh oifige 33 1/3 % per annum

Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

2. FARASBARR OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:

Táille iniúcháir - iniúchadh

- seirbhísí neamhiniúcháireachta

Dímheas

2009

2008

€

€

1,200

1,300

1,462

2,809

-

3,281

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí loncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí loncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

Trealamh Oifige

4. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

Costas

Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig

Dímheas

Ag 1 Eanáir

Muirear na bliana reatha

Ag 31 Nollaig

Glanmhéid

31 Nollaig 2009

31 Nollaig 2008

€

26,444

26,444

-

26,444

-

-

5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta.

6. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ghlac na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais ar 17 Aibreán 2010.

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	2009	2008
	€	€
Insreabhadh glan airgid thirim ó ghníomhachtaí oibriúcháin	7,104	21,609
Méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	7,104	21,609
Anailís ar airgead agus ar choibhéisí airgid agus ar ghluaiseachtaí i rith na bliana		
Ag tús na bliana	89,767	68,158
Insreabhadh airgid thirim	7,104	21,609
Ag deireadh na bliana	96,871	89,767
Réiteach idir (easnamh) / farasbarr na bliana agus sreabhadh airgid thirim ó ghníomhachtaí oibriúcháin		
Farasbarr	(8,370)	23,669
Dímheas		3,281
Laghdú / (méadú) ar réamhíocaíochtaí	17,354	(5,527)
(Laghdú) / méadú ar chreidiúnaithe	(1,880)	186
	7,104	21,609

Ar son na stiúrthóirí
Mícheál Ó Broin
Dealgan Ó Ciarubháin
 Stiúrthóirí
 17 Aibreán 2010

CUNTAS OIBRIÚCHÁIN

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

IONCAM

Deontas – Foras na Gaeilge	
Ballraíocht	
Fógraíocht / seastáin - Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	
Nuachtlitir	
Táille - Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	
Comenius	

2009

2008

€

€

469,441	506,080
4,160	9,278
5,353	4,221
767	845
12,050	12,050
	1,750
491,771	531,801

CAITEACHAS

Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	
Costais an Fheidhmeannais	
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil	
Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	
Comhsheimineár Luathoidéachais le Forbairt Naíonraí Teoranta	
Árachas	
Cóiríocht Oifige	
Costais Oifige	
Teileafón	
Stáiseanóireacht	
Trealamh	
Táillí Bainc	
Táillí Proifisiúnta	
Cúrsaí Fhorbairt Ghairmiúil Scoileanna	
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	
Deontais Acmhainní	
TACA	
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne	
Sléip (Caiteachas €11,129: Ioncam €1,739)	
Imeachtaí Idirscoile	
Foilseacháin / Poiblíocht	
Caidreamh Poiblí	
Comenius	
Dímheas: Trealamh Oifige	

285,607	242,406
13,548	12,851
17,460	14,945
37,212	25,488
4,475	-
	3,024
53,053	91,569
9,122	11,902
3,233	3,420
4,682	2,629
1,907	1,716
489	464
8,489	25,182
6,235	-
9,000	16,580
6,208	-
	10,000
3,812	6,710
9,390	5,600
15,534	7,450
10,685	15,386
-	7,260
-	269
-	3,281
500,141	508,132

(Easnamh) / farasbarr na bliana

(8,370)

23,669

CUNTAS OIBRIÚCHÁIN

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 200

	2009	2008
CUNTAS 1 - IONCAM		
Deontas – Foras na Gaeilge	€ 469,441	€ 506,080
Fógraíocht / seastáin - Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	5,353	4,221
Nuachtlitir	767	845
Táille - Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	12,050	9,627
	487,611	520,773
CUNTAS 1 - CAITEACHAS		
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	285,607	242,406
Costais an Fheidhmeannais	13,548	12,851
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil	17,460	14,945
Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	36,612	25,488
Comhsheimineár Luathoideachais le Forbairt Naíonraí Teoranta	4,475	-
Árachas		3,024
Cóiríocht Oifige	53,053	91,569
Costais Oifige	9,122	11,902
Teileafón	3,233	3,420
Stáiseanáireacht	4,682	2,629
Trealamh	1,907	1,716
Táillí Bainc	489	464
Táillí Proifisiúnta	8,489	15,328
Cúrsaí Fhorbairt Ghairmiúil Scoileanna	6,235	-
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	9,000	16,580
Deontais Acmhainní	6,208	-
TACA	-	10,000
Oiliúint agus Earcaíocht Foirme	3,812	6,710
Scléip (Caiteachas €11,129; Ioncam €1,739)	9,390	5,600
Imeachtaí Idirscoile	15,534	7,450
Foilseacháin / Caidreamh Poiblí	10,685	15,386
Comenius	-	269
Dímheas: Trealamh Oifige	-	3,281
	499,541	490,518
(Easnamh) / farasbarr na bliana – cuntas 1	(11,930)	30,255
CUNTAS 2 - IONCAM		
Ballraíocht	4,160	9,278
Comenius	-	1,750
	4,160	11,028
CUNTAS 2 - CAITEACHAS		
Comhdháil / Cruinniú Cinn Bhliana	600	-
Táillí Proifisiúnta	-	9,854
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	-	500
Caidreamh Poiblí	-	7,260
	600	17,614
Farasbarr / (easnamh) na bliana – cuntas 2	3,560	(6,586)

LIOSTA NA SEASTÁN 2010

COMHDHÁIL BHLIANTÚIL GAELSCOILEANNA TEO. 2010

Móinín

Conradh na Gaeilge

CJ Fallon

Muintearas

Coláiste Uisce

Forbairt Naíonraí Teo.

ExamCraft.ie

Am Damhsa

Savvy Bear (Seoige Technology)

Gaelscéal

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Scholastic

Databiz Solutions

EdWare

Freedom Surf School & Adventure

Carroll Education / Gill & Macmillan

An tÁisaonad

Just Rewards Sticker Co.

Educational Company

Foras na Gaeilge

Breacadh

Spraoi

Scholastic

Coiscéim

An Mála Mór

GDK Network Systems Ltd.

Scoileanna áitiúla

NÓTAÍ

AGUS SEOLTAÍ



Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Roinnt áiseanna ar fáil anois



Tá dánphóstaer anois ar fáil ón Lároifig. Tá an chéad dhá phóstaer sa tsraith bunaithe ar na dánta 'Teilifís' le Gabriel Rosenstock agus 'Glaoch Abhaile' le hÁine Ní Ghlinn. Táimid ag súil le haird na ndaltaí scoile a tharraingt ar an bhfilíocht chun go mbeidh sí ina hábhar plé agus iontais sa seomra ranga. Bheadh na póstaer seo oiriúnach do sheomraí ranga sa bhunscoil nó sa mheánscoil.



Bain Triail As
Treoir do bhéaltriail Ghaeilge na hArdeistiméireachta a thugann moltaí praiticúla agus leideanna úsáideacha do dhaltaí. DVD curtha i láthair ag Bláthnaid Ní Dhonnchadha (Paisean Faisean TG4)



An Bhéaltriail (Dlúthdhiosca)
Cúig agallamh mar áis do mhúinteoirí agus do dhaltaí na hArdeistiméireachta.



An Triail
Dlúthdhiosca den dráma don Ardeistiméireacht.



Aibítir na Gaeilge
Leabhrán agus dlúthdhiosca atá úsáideach do mhúinteoirí bunscoile.

Bígí i gcomhar linn!

Comhar na Múinteoirí Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: + 353 1 639 8448
Facs: + 353 1 639 8401
R-Phost: colas@cmg.ie
Suíomh: www.cmg.ie

GAELSCOILEANNA TEO.

Halla Naomh Pádraig

Institiúid Oideachais Marino

Ascaill Uí Ghríofa

Baile Átha Cliath 9.

Gaelscoileanna 